2024/3184

17.12.2024

# CINNEADH (CBES) 2024/3184 ÓN gCOMHAIRLE

## an 16 Nollaig 2024

## lena leasaítear Cinneadh 2010/96/CBES maidir le misean míleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint fhórsaí slándála na Somáile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Feabhra 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/96/CBES ([1]), lena mbunaítear misean míleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia).

(2) An 12 Nollaig 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/2443 ([2]), lena gcuirtear síneadh le EUTM Somalia go dtí an 31 Nollaig 2024.

(3) I gcomhthéacs an Athbhreithnithe Straitéisigh Iomlánaigh in 2024 ar rannpháirtíocht CBSC i gCorn na hAfraice agus sa tSomáil, mhol an Coiste Polaitiúil agus Slándála go gcuirfí síneadh breise le sainordú EUTM Somalia go dtí an 28 Feabhra 2027. Ina theannta sin, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála gur cheart sainordú EUTM Somalia a oiriúnú, go háirithe chun cúrsaí ceannaireachta a fhorbairt a thuilleadh d'Fhórsaí Armtha Náisiúnta na Somáile lena n-áirítear an Cabhlach, an Garda Cósta agus an tAerfhórsa, agus do Phóilíní Cónaidhmeacha *Darwish*, chun tacú le Ceannasaíocht Lóistíochta agus Ceannasaíocht Oiliúna a chruthú laistigh d'Fhórsaí Armtha Náisiúnta na Somáile, chun comhpháirt mhuirí a fhorbairt de réir a chéile chun comhairle a chur ar Chabhlach agus Garda Cósta na Somáile agus chun tacú le cumais cheannais agus rialaithe na Somáile i Lárionad Oibríochtaí Comhpháirteacha Fhórsaí Armtha Náisiúnta na Somáile. Thairis sin, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála, arna iarraidh sin do Phoblacht Djibouti, gur cheart do EUTM Somalia, de réir a n-acmhainní agus a gcumas, oiliúint a sholáthar in Ionad Oiliúna Réigiúnach Djibouti.

(4) Ba cheart Cinneadh 2010/96/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear leis Cinneadh 2010/96/CBES seo mar a leanas:

(1) in Airteagal 1 cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 3a:

'3. Forbróidh EUTM Somalia, go háirithe, cúrsaí ceannaireachta d'Fhórsaí Armtha Náisiúnta na Somáile, lena n-áirítear don Chabhlach, an Garda Cósta agus an tAerfhórsa, agus do Phóilíní Cónaidhmeacha *Darwish*. Thairis sin, soláthróidh EUTM Somalia oiliúint speisialaithe d'Fhórsaí Armtha Náisiúnta na Somáile. Tacóidh sé, trí chomhairle agus oiliúint, le Ceannasaíocht Lóistíochta agus Ceannasaíocht Oiliúna a chruthú laistigh d'Fhórsaí Armtha Náisiúnta na Somáile.

3a. Déanfaidh EUTM Somalia comhpháirt mhuirí a fhorbairt de réir a chéile, i gcomhar le EUCAP Somalia, arna bhunú le Cinneadh ón gComhairle 2012/389/CBES (*), chun comhairle mhíleata maidir le feidhmeanna an gharda cósta a sholáthar, d'fhonn an fhreagracht a ghlacadh chuige féin comhairle a chur ar Chabhlach agus Garda Cósta na Somáile faoin 31 Nollaig 2025, agus tosaíochtaí de chuid Fhórsaí Armtha Náisiúnta na Somáile SNAF á gcur san áireamh.

(*) Cinneadh 2012/389/CBES ón gComhairle an 16 Iúil 2012 maidir le Misean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) (IO L 187, 17.7.2012, lch. 40).';

(2) in Airteagal 1, cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

'3b. Soláthróidh EUTM Somalia tacaíocht, i gcás inar féidir, do chumais cheannais agus rialaithe na Somáile i Lárionad Oibríochtaí Comhpháirteacha Fhórsaí Armtha Náisiúnta na Somáile trí mheantóireacht d'fhonn an sásra bainistithe eolais a fhorbairt go háirithe i ndáil leis na haonaid agus na daoine aonair ar chuir sé oiliúint orthu.

([1]) Cinneadh 2010/96/CBES ón gComhairle an 15 Feabhra 2010 maidir le misean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint fhórsaí slándála na Somáile (IO L 44, 19.2.2010, lch. 16).

([2]) Cinneadh (CBES) 2022/2443 ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 lena leasaítear Cinneadh 2010/96/CBES maidir le misean míleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint a chur ar fhórsaí slándála na Somáile (IO L 319, 13.12.2022, lch. 84).

3c. Soláthróidh EUTM Somalia tacaíocht freisin, de réir mar is gá agus laistigh dá acmhainní agus dá chumais, do ghníomhaithe eile de chuid an Aontais agus a sainorduithe faoi seach á gcur chun feidhme acu maidir le slándáil agus cosaint sa tSomáil, go háirithe do EUCAP Somalia, maidir le hidir-inoibritheacht idir Fórsaí Armtha Náisiúnta na Somáile agus Fórsaí Póilíneachta na Somáile. Thairis sin, déanfaidh EUTM Somalia tacaíocht a thugtar faoin tSaoráid Eorpach Síochána a éascú, arna bhunú le Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle (*), go háirithe trí chomhairle a chur ar Fhórsaí Armtha Náisiúnta na Somáile maidir leis an gcúnamh riachtanach a shainaithint, agus trí chomhairle a chur ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus ar na Ballstáit maidir leis an gcúnamh sin a thabhairt.

3d. Ina theannta sin, agus arna iarraidh sin do Phoblacht Djibouti, soláthróidh EUTM Somalia, de réir a n-acmhainní agus a gcumas, oiliúint in Ionad Oiliúna Réigiúnach Djibouti, go háirithe chun tacú le hiarrachtaí fothaithe acmhainneachta Gharda Cósta Djibouti.

(*) Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528 (IO L 102, 24.3.2021, lch. 14).';

(3) in Airteagal 10, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'10. EUR 31 810 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh na gcostas coiteann a bhaineann le misean míleata an Aontais ar feadh na tréimhse ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 28 Feabhra 2027. Is 0 % i ngealltanais agus 0 % in íocaíochtaí a bheidh sa chéatadán den mhéid tagartha dá dtagraítear in Airteagal 51(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509.';

(4) in Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Cuirfear deireadh le sainordú mhisean míleata an Aontais an 28 Feabhra 2027.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Nollaig 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

K. KALLAS